



Topaic: Ag tacú le deiseanna i gcomhair na cruthaitheachta i suíomhanna luathfhoghlama agus i suíomhanna cúraim (Ó Bhreith - 6 bliana)

Tarraingítear aird in *Aistear* agus in *Síolta* ar an tábhacht a bhaineann leis an gcruthaitheacht d'fhorbairt iomlánaíoch an pháiste.




Sa seisiún gairid forbartha gairmiúla leanúnaí seo, gheobhaidh tú amach faoin difríocht atá idir cur chuige an phróisis agus cur chuige an táirge maidir leis na healaíona. Foghlaimeoidh tú freisin faoi na buntáistí go léir atá leis an gcur chuige seo d'fholláine an pháiste agus chun meonta foghlama dearfacha a fhorbairt.

Tarraingítear aird sna hacmhainní molta i gcomhair féachana, léitheoireachta agus machnaimh ar na gnéithe sainithe de dhea-chleachtas ealaíon cruthaitheach agus cuireann siad smaointe i láthair faoi conas is féidir leat deiseanna den chineál céanna a thairiscint do na páistí i do shuíomh féin.

Príomhnaisc

- Téama *Aistear* maidir le [Cumarsáid](#)
- *Síolta* Caighdeán 2: [Timpeallachtaí](#)

Tá próiseas na healaíne níos tábhachtaí ná an táirge deiridh.

		✓
	Féach ar an bhfíseán sé nóiméad seo le Evelyn Egan-Rainy, The visual arts in an emergent and inquiry-based curriculum (Birth - 6 years) , chun tuilleadh a fhoghlaim faoin tábhacht atá le healaín phróiseas-bhunaithe chun tacú le foghlaim agus le forbairt an pháiste.	
	Más maith leat a bhfuil cloiste agat agus gur mhaith leat smaointe a fháil chun na cineálacha sin eispéireas a thabhairt do pháistí, féach ar an bhfíseán ceithre nóiméad seo: Provocations and the learning environment in the visual arts in an emergent and inquiry-based curriculum (Birth - 6 years) .	
	Má tá tú ag tabhairt neart eispéiris ealaíne cheana féin do na páistí i do sheomra/shuíomh féin agus gur mhaith leat rud éigin difriúil a thairiscint, féach ar an bhfíseán ceithre nóiméad seo ag taispeáint conas a d'fhéadfá boscaí solais, osteilgeoirí agus teilgeoirí digiteacha a	



	thabhairt isteach: Three ideas for supporting visual arts in an emergent and inquiry-based curriculum (Birth - 6 years)	
--	---	--

Mo phríomh-mhachnaimh tar éis na hábhair thuas a fheiceáil/léamh	
	
Gníomh is féidir liom a ghlacadh. . .	
	Nasc chuig an Treoir Chleachtais Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta Aistear/Síolta

Tá na hacmhainní thuas agus go leor leor eile ar fáil ar an suíomh gréasáin *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ar www.aistearsiolta.ie

Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar an Treoir Chleachtais agus leas a bhaint aisti.